Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 16 Meitheamh 2017
(OR. en)

10438/17

**Comhad Idirinstitiúideach: 2017/0004 (COD)**

SOC 489
EMPL 375
SAN 258
IA 113
CODEC 1081

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 9926/17 ADD 1 SOC 460 EMPL 355 SAN 230 IA 97 CODEC 373 |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | ST 5251/17 SOC 12 EMPL 8 SAN 24 IA 4 CODEC 32 - COM(2017) 11final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Treoir 2004/37/EC ar chosaint oibrithe ar na rioscaí a bhaineann le nochtadh do charcanaiginí nó do shó-ghineacha ag an obair |

I gceangal leis seo, gheobhaidh na toscaireachtaí téacs na Treorach thuas, ar tháinig an Chomhairle (EPSCO) ar chur chuige ginearálta ina leith ag an seisiún a bhí aici ar an 15-16 Meitheamh 2017.

2017/0004 (COD)

Togra le haghaidh

**TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**lena leasaítear Treoir 2004/37/CE ar chosaint oibrithe ar na rioscaí a bhaineann le nochtadh do charcanaiginí nó do shó-ghineacha ag an obair**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 153(2)(b), i gcomhar le hAirteagal 153(1)(a) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa[1],

Ag féachaint don tuairim ó Choiste na Réigiún[2],

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach[3],

1 IO C , , lch.
2 IO C , , lch.
3 Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa an … [(IO …)/(nár foilsíodh san Iris Oifigiúil fós)] agus an cinneadh ón gComhairle an ….

De bharr an méid seo a leanas:

(1) Is é is aidhm do Threoir 2004/37/CE oibrithe a chosaint ar rioscaí dá sláinte agus dá sábháilteacht as nochtadh do charcanaiginí nó só-ghineacha ar an láthair oibre. Sa Treoir sin, déantar foráil maidir le leibhéal comhsheasmhach cosanta ar na rioscaí a bhaineann le carcanaiginí nó só-ghineacha trí bhíthin creat na bprionsabal ginearálta ionas gur féidir leis na Ballstáit a áirithiú go gcuirfear i bhfeidhm na ceanglais íosta sin go comhsheasmhach. I dtaca leis na socruithe ginearálta maidir le cosaint oibrithe a bunaíodh faoin Treoir sin, is gnéithe tábhachtacha díobh sin na teorainnluachanna ceangailteacha um nochtadh ag an obair a bunaíodh de réir na faisnéise infhaighte, lena n-áirítear sonraí eolaíocha agus teicniúla.

(1a) Is cuid de na bearta bainistithe riosca atá i dTreoir 2004/37/CE na teorainnluachanna céanna sin um nochtadh ag an obair. Beidh comhlíonadh na dteorainnluachanna sin gan dochar do na ceanglais eile a leagfar ar fhostóirí de bhun na Treorach sin, go háirithe a mhéid a bhaineann le laghdú ar úsáid carcanaiginí nó só-ghineacha ar an láthair oibre, nochtadh na n-oibrithe do charcanaiginí nó só-ghineacha a chosc nó a laghdú, agus le bearta is ceart a chur chun feidhme chun na críche sin. Ach é a bheith indéanta go teicniúil, is ceart a áireamh ar na bearta sin athsholáthar na carcanaigine nó an tsó-ghinigh ag substaint, meascán nó ag próiseáil nach contúirteach nó is lú contúirt do shláinte na n-oibrithe, úsáid córais dhúnta, nó bearta eile darb aidhm leibhéal an nochta a laghdú a mhéid is féidir do na hoibrithe.

(1ab) Is é is aidhm do na ceanglais íosta atá i dTreoir 2004/37/CE cosaint a thabhairt, ar leibhéal an Aontais, d'oibrithe. Tig leis na Ballstáit teorainnluachanna ceangailteach níos déine maidir le nochtadh ag an obair, mar aon le bearta cosanta eile, a leagan síos iad féin.

(1b) I dtaca le formhór na gcarcanaiginí nó na só-ghineach, ní hindéanta ag an eolaíocht leibhéil an nochta a leagan síos ar leibhéal is ísle ná an leibhéal sin nár shiocair le héifeachtaí díobhálacha. Bíodh is nach féidir na rioscaí do shláinte agus sábháilteacht na n-oibrithe as nochtadh do charcanaiginí nó só-ghineacha ag an obair (i.e. riosca iarmhair) a dhísciú trí theorainnluachanna a leagan síos don láthair oibre de bhun na Treorach seo, ní beag an cúnamh sin, mar sin féin, mar go laghdaítear go mór na rioscaí a eascraíonn ó nochtadh dá leithéid, a bhuí leis an gcur chuige darb aidhm cuspóirí a leagan síos, agus leis an tslí chéimnithe a leagtar síos i dTreoir 2004/37/CE. I dtaca le carcanaiginí agus só-ghineacha eile, isindéanta ag an eolaíocht leibhéil an nochta a shainaithint ar leibhéal is ísle ná an leibhéal nár dhóigh dó bheith ina shiocair le héifeachtaí díobhálacha.

(1c) I dtaca le huasleibhéil an nochta ag na hoibrithe do charcanaiginí nó só-ghineacha, is le teorainnluachanna a bhunaítear iad agus, de bhun Treoir 2004/37/CE, ní ceadmhach na teorainnluachanna sin a shárú. Is ceart na teorainnluachanna sin a athbhreithniú agus teorainnluachanna a leagan síos maidir le carcanaiginí agus só-ghineacha breise.

(1d) Is de réir na fianaise infhaighte, lena n-áirítear sonraí eolaíocha agus teicniúla, is ceart athbhreithniú a dhéanamh, nuair is gá sin, ar na teorainnluachanna a leagtar síos sa Treoir seo. Is ceart a áireamh ar an bhfaisnéis sin, más féidir, sonraí maidir le rioscaí iarmhair do shláinte na n-oibrithe agus na tuairimí a fuarthas ón gCoiste Comhairleach um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair. I dtaca le faisnéis a bhaineann le riosca iarmhair agus a chuirtear ar fáil go poiblí ar leibhéal an Aontais, ní beag an éadáil sin i ndáil lena ndéanfar amach anseo ar mhaithe le teorainn a chur leis na rioscaí a eascraíonn ón nochtadh do charcanaiginí nó só-ghineacha, lena n-áirítear aon athbhreithniú a dhéanfar feasta ar theorainnluachanna na Treorach seo.

(1e)(nua) I dtaca le carcanaiginí neamhthairsí áirithe, ní hindéanta teorainnluach sláinte-bhunaithe a dhíorthú ina leith; ach is féidir, mar sin féin, teorainnluach a leagan síos dóibh a bhunaítear ar an bhfaisnéis a bheidh ar fáil, lena n-áirítear sonraí eolaíocha agus teicniúla.

(2) I dtaca le cuid de na carcanaiginí agus só-ghineacha, chun an leibhéal cosanta féideartha is fearr a áirithiú, ní mór a thabhairt san áireamh go bhféadfadh conairí ionsúcháin eile a theacht i gceist, lena n-áirítear an t-ionsú a theacht isteach tríd an gcraiceann.

(3) Cuidíonn an Coiste Eolaíoch um Theorainneacha Nochta Ceirde ('an Coiste'), arna bhunú leis an gCinneadh ón gCoimisiún 2014/113/AE[4], leis an gCoimisiún, go háirithe, leis na sonraí eolaíocha is nuaí dá bhfuil ar fáil a mheas, agus le teorainnluachanna um nochtadh ag an obair a mholadh ar mhaithe le hoibrithe a chosaint ar rioscaí ceimiceacha, lena leagan síos ar leibhéal an Aontais de bhun Threoir 98/24/CE[5] ón gComhairle agus de bhun Threoir 2004/37/CE. Cuireadh san áireamh freisin foinsí eile faisnéise eolaíche, ar foinsí iad atá san fhearann poiblí agus ar leordhóthain a stóinseacht, lena n-áirítear iad siúd dá dtagraítear i nDoiciméad Oibre an Choimisiúin — Measúnú Tionchair *a ghabhann leis an doiciméad* Togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Treoir 2004/37/CE maidir le hoibrithe a chosaint ar rioscaí a bhaineann le nochtadh do charcanaiginí nó só-ghineach ag an obair (SWD(2017)7 final).

(4) I gcomhréir le moltaí an Choiste, déantar teorainnluachanna a bhunú, ach iad a bheith ar fáil, maidir le conairí ionanálaithe an nochta i gcóimheas le tréimhse thagartha dar fad ocht n-uaire mar mheán am-ualaithe (teorainnluachanna nochta fhadtéarmaigh) agus, i gcás carcanaiginí agus só-ghineacha áirithe, maidir le tréimhsí tagartha is giorra ná sin, cúig nóiméad déag mar mheán am-ualaithe i gcoitinne (teorainnluachanna nochta ghearrthéarmaigh). I dtaca le nodaireachtaí craicinn, is i gcomhréir le moltaí an Choiste a dhéanfar iad siúd freisin a leagan síos.

---

4 Cinneadh 2014/113/AE ón gCoimisiún an 3 Márta 2014 maidir le Coiste Eolaíoch um Theorainneacha Nochta Ceirde d'Oibreáin Cheimiceacha a bhunú agus lena n-aisghairtear Cinneadh 95/320/CE (IO L 62, 4.3.2014, lch. 18).

5 Treoir 98/24/CE ón gComhairle an 7 Aibreán 1998 maidir le sláinte agus sábháilteacht oibrithe a chosaint ar na rioscaí a bhaineann le nochtadh d'oibreáin cheimiceacha ag an obair (An ceathrú Treoir déag aonair de réir bhrí Airteagal 16(1) de Threoir 89/391/CEE) (IO L 131, 05.05.1998, lch. 11).

(5) Tá dóthain fianaise ann maidir le carcanaigineacht olaí mianracha a d'úsáidtí in innill dócháin inmheánaigh chun na páirteanna a ghluaiseann laistigh den inneall a bhealú agus a fhuarú. Ó tharla gur le próiseas a ghintear na holaí innill spíonta sin, ní bhíonn siad faoi réir a n-aicmithe i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[6]. Shainaithin an Coiste an fhéidearthacht go dtarlódh tógáil shuntasach tríd an gcraiceann i gcás na n-olaí sin, agus mheas siad gur tríd an gcraiceann (i.e. go deirmeach) a tharlaíonn nochtadh ag an obair d'olaí innill spíonta; molann an Coiste go láidir go mbunófaí nodaireacht chraicinn. I dtaca leis an nochtadh deirmeach, is féidir úsáid a bhaint as raon de na cleachtais is fearr chun an nochtadh sin a theorannú, lena n-áirítear *inter alia* úsáid a bhaint as trealamh cosanta pearsanta, amhail lámhainní, agus éadaí éillithe a ghlanadh agus a dhiúscairt. Ach na cleachtais seo agus cleachtais eile ar gearr uainn anois iad a chomhlíonadh ina n-iomláine, d'fhéadfaí an nochtadh sin a laghdú. Is iomchuí, dá bhrí sin, obair ina dtarlaíonn nochtadh d'olaí a úsáideadh in innill dócháin inmheánaigh chun na páirteanna a ghluaiseann laistigh den inneall a bhealú agus a fhuarú, is iomchuí sin a chur san áireamh in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2004/37/CE agus nodaireacht chraicinn a leagan amach i gCuid B d'Iarscríbhinn III a ghabhann le Treoir 2004/37/CE a léiríonn an fhéidearthacht go bhféadfadh tógáil shuntasach dheirmeach tarlú.

(6) Tá meascáin áirithe de hidreacarbóin il-timthriallacha aramatacha (PAHanna) ann, go háirithe iad siúd ina mbíonn beinsi[*a*]piréin, agus ó tharla go sásaíonn siad na critéir sin a d'fhágfadh in aicme na gcarcanaigineach (catagóir 1A nó 1B) iad i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008, is carcanaiginí iad de réir an tsainmhínithe atá i dTreoir 2004/37/CE. Tig leis an nochtadh do mheascáin den sórt sin tarlú agus obair a bhaineann le próisis dócháin ar siúl, amhail ó dhóchán sceite innill, agus próisis dócháin ardteochta, i measc nithe eile. Shainaithin an Coiste an fhéidearthacht go dtarlódh tógáil shuntasach tríd an gcraiceann i gcás na meascán seo. Is iomchuí, dá bhrí sin, nodaireacht chraicinn a leagan amach i gCuid B d'Iarscríbhinn III a ghabhann le Treoir 2004/37/CE ina léirítear an fhéidearthacht maidir le tógáil shuntasach dheirmeach.

---

6 Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2008 ar aicmiú, lipéadú agus pacáistiú substaintí agus meascán (IO L 353, 31.12.2008, lch. 1).

(7) Sásaíonn tríchlóireitiléin na critéir lena cur in aicme charcanaigineach (catagóir 1B) i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008 agus, dá bhrí sin, is carcanaigin í de réir mar atá sainmhínithe i dTreoir 2004/37/CE. Rinne an Coiste tríchlóireitiléine a shainaithint mar charcanaigin ghéineatocsaineacha. Ar bhonn na faisnéise atá ar fáil, lena n-áirítear sonraí eolaíocha agus teicniúla, is féidir teorainnluachanna a leagan síos do thríchlóireitiléin i ndáil le tréimhse thagartha am-ualaithe dar fad ocht n-uair an chloig ar an meán (teorainnluachanna nochta fhadtéarmaigh), agus i ndáil le tréimhse thagartha am-ualaithe is giorra ná sin dar fad cúig nóiméad déag (teorainnluachanna nochta fhadtéarmaigh). Shainaithin an Coiste an fhéidearthacht go dtarlódh tógáil shuntasach tríd an gcraiceann i gcás na carcanaigine sin. Is iomchuí, dá bhrí sin, teorainnluachanna gearrthéarmacha agus fadtéarmacha a bhunú do thríchlóireitiléin i gCuid A d'Iarscríbhinn III agus nodaireacht chraicinn a leagan amach i gCuid B d'Iarscríbhinn III a ghabhann le Treoir 2004/37/CE ina léirítear an fhéidearthacht maidir le tógáil shuntasach dheirmeach. Ó tharla go mbíonn an fhianaise eolaíoch ag síorfhorbairt, déanfar grinn-athbhreithniú leanúnach ar theorainnluachanna na substainte seo.

(8) Sásaíonn 4,4'-Mheitiléindi-ainilín (MDA) na critéir lena chur in aicme charcanaigineach (catagóir 1B) i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008 agus, dá bhrí sin, is carcanaigin é de réir an tsainmhínithe atá i dTreoir 2004/37/CE. Ba é tátal an Choiste nach féidir teorainnluach sláinte-bhunaithe a dhíorthú i gcás na carcanaigine neamhthairsí sin. Ach is féidir, ar bhonn na faisnéise atá ar fáil, lena n-áirítear faisnéis eolaíoch agus theicniúil, teorainnluach a shocrú i gcás 4,4'-Mheitiléindi-ainilín. Shainaithin an Coiste an fhéidearthacht go dtarlódh tógáil shuntasach tríd an gcraiceann i gcás na carcanaigine sin. Is iomchuí, dá bhrí sin, teorainnluach a bhunú do 4,4'-Mheitiléindi-ainilín i gCuid A d'Iarscríbhinn III agus nodaireacht chraicinn a leagan amach i gCuid B d'Iarscríbhinn III a ghabhann le Treoir 2004/37/CE ina léirítear an fhéidearthacht maidir le tógáil shuntasach dheirmeach.

(9) Sásaíonn eipeaclóraihidrin (1-clóra-2,3-eapocsaprópán) na critéir lena chur in aicme charcanaigineach (catagóir 1B) i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008 agus, dá bhrí sin, is carcanaigin é de réir an tsainmhínithe atá i dTreoir 2004/37/CE. Ba é tátal an Choiste nach féidir teorainnluach sláinte-bhunaithe a dhíorthú i gcás na carcanaigine neamhthairsí sin. Shainaithin an Coiste an fhéidearthacht go dtarlódh tógáil shuntasach tríd an gcraiceann i gcás eipeaclóraihidrin. Tá teorainnluach praiticiúil comhaontaithe ag an gCoiste Comhairleach um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair ('an Coiste Comhairleach'), ar bhonn na faisnéise atá ar fáil, lena n-áirítear sonraí eolaíocha agus teicniúla. Is iomchuí, dá bhrí sin, teorainnluach a bhunú d'eipeaclóraihidrin i gCuid A d'Iarscríbhinn III agus nodaireacht chraicinn a leagan amach i gCuid B d'Iarscríbhinn III a ghabhann le Treoir 2004/37/CE ina léirítear an fhéidearthacht maidir le tógáil shuntasach dheirmeach.

(10) Sásaíonn débhróimíd eitiléine (1,2-débhróimeatán, EDB) na critéir lena cur in aicme charcanaigineach (catagóir 1B) i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008 agus, dá bhrí sin, is carcanaigin í de réir an tsainmhínithe atá i dTreoir 2004/37/CE. Ba é tátal an Choiste nach féidir teorainnluach sláinte-bhunaithe a dhíorthú i gcás na carcanaigine neamhthairsí sin. Shainaithin an Coiste an fhéidearthacht go dtarlódh tógáil shuntasach tríd an gcraiceann i gcás débhróimíd eitiléine. Tá teorainnluach praiticiúil comhaontaithe ag an gCoiste Comhairleach um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair ('an Coiste Comhairleach'), ar bhonn na faisnéise atá ar fáil, lena n-áirítear sonraí eolaíocha agus teicniúla. Is iomchuí, dá bhrí sin, teorainnluach a bhunú do dhébhróimíd eitiléine i gCuid A d'Iarscríbhinn III agus nodaireacht chraicinn a leagan amach i gCuid B d'Iarscríbhinn III a ghabhann le Treoir 2004/37/CE ina léirítear an fhéidearthacht maidir le tógáil shuntasach dheirmeach.

(11) Sásaíonn déchlóiríd eitiléine (1,2-déchlóireatán, EDC) na critéir lena cur in aicme charcanaigineach (catagóir 1B) i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008 agus, dá bhrí sin, is carcanaigin í de réir an tsainmhínithe atá i dTreoir 2004/37/CE. Ba é tátal an Choiste nach féidir teorainnluach sláinte-bhunaithe a dhíorthú i gcás na carcanaigine neamhthairsí sin. Ach is féidir, ar bhonn na faisnéise atá ar fáil, lena n-áirítear faisnéis eolaíoch agus theicniúil, teorainnluach a shocrú i gcás déchlóiríd eitiléine. Shainaithin an Coiste an fhéidearthacht go dtarlódh tógáil shuntasach tríd an gcraiceann i gcás déchlóiríd eitiléine. Is iomchuí, dá bhrí sin, teorainnluach a bhunú do dhéchlóiríd eitiléine i gCuid A d'Iarscríbhinn III agus nodaireacht chraicinn a leagan amach i gCuid B d'Iarscríbhinn III a ghabhann le Treoir 2004/37/CE ina léireofar an fhéidearthacht maidir le tógáil shuntasach dheirmeach.

(12) Chun an comhleanúnachas inmheánach a áirithiú, is iomchuí an colún "Nodaireacht" atá leagtha amach i gCuid A d'Iarscríbhinn III a ghabhann le Treoir 2004/37/CE maille leis na nodaireachtaí atá leagtha amach sa cholún sin a aistriú chuig Cuid B d'Iarscríbhinn III a ghabhann le Treoir 2004/37/CE.

(13) Chuaigh an Coimisiún i gcomhairle leis an gCoiste Comhairleach um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair a bunaíodh le Cinneadh ón gComhairle an 22 Iúil 2003. Chomh maith leis sin, rinne sé Comhairliúchán dhá chéim leis na comhpháirtithe sóisialta Eorpacha i gcomhréir le hAirteagal 154 de CFAE.

(14) Tugtar aird chuí sa Treoir seo ar na cearta agus na prionsabail bhunúsacha atá cumhdaithe i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, go háirithe in Airteagal 31(1) de.

(15) Déanfar athbhreithniú leanúnach ar na teorainnluachanna a bhunaítear sa Treoir seo i bhfianaise chur chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006, ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Nollaig 2006 maidir le Clárú, Meastóireacht, Údarú agus Srianadh Ceimiceán (REACH), lena mbunaítear Gníomhaireacht Eorpach um Cheimiceáin, lena leasaítear Treoir 1999/45/CE agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 793/93 ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 1488/94 ón gCoimisiún chomh maith le Treoir 76/769/CEE ón gComhairle agus Treoracha 91/155/CEE, 93/67/CEE, 93/105/CE agus 2000/21/CE[7] ón gCoimisiún agus tuairimí Choiste Measúnaithe Riosca (RAC) an ECHA agus an Choiste um Anailís Shocheacnamaíoch (SEAC), go háirithe chun a chur san áireamh an idirghníomhaíocht idir teorainnluachanna a bhunaítear i dTreoir 2004/37/CE agus gaolmhaireachtaí idir dáileog agus freagairt, faisnéis nochta iarbhír, agus, nuair a bhíonn fáil orthu, DNELanna (Leibhéil Dhíorthaithe gan Éifeacht) a dhíorthaítear do cheimiceáin ghuaiseacha i gcomhréir leis an Rialachán sin.

(16) Ó tharla nach féidir leis na Ballstáit cuspóirí na Treorach seo a bhaint amach go leordhóthanach, ar cuspóirí iad chun dálaí maireachtála agus oibre a fheabhsú agus sláinte oibrithe a chosaint ar na rioscaí sonracha a eascraíonn as an nochtadh do charcanaiginí, ach gur fearr is féidir iad a ghnóthú ar leibhéal an Aontais, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta mar atá leagtha amach in Airteagal 5(3) den Chonradh ar an Aontas Eorpach. Dá réir sin, i gcomhréir le prionsabal na comhréireachta, mar atá leagtha amach in Airteagal 5(4) de CAE, níl aon ní sa togra seo thar a bhfuil riachtanach chun na cuspóirí sin a ghnóthú.

(17) Ó tharla gur le sláinte oibrithe ina n-ionad oibre a bhaineann an Treoir seo, ba chóir gur dhá bhliain a bheadh i spriocdháta an trasuite.

(18) Dá bhrí sin, ba chóir Treoir 2004/37/CE a leasú dá réir.

---

7 IO L 396, 30.12.2006, lch. 1.

(19) I gcomhréir leis an Dearbhú Comhpháirteach Polaitiúil an 28 Meán Fómhair 2011 ó na Ballstáit agus ón gCoimisiún maidir le doiciméid mhíniúcháin[8], ghlac na Ballstáit de chúram orthu féin, i gcásanna a bhfuil údar cuí leo, doiciméad amháin nó níos mó a chur leis an bhfógra maidir lena mbearta trasuite, ar doiciméid iad lena mínítear an gaol idir codanna de threoir agus an chuid sin de na hionstraimí náisiúnta trasuite a chomhfhreagraíonn dóibh. I ndáil leis an Treoir seo, measann an reachtóir go bhfuil údar cuí le doiciméid den sórt sin a tharchur,

TAR ÉIS AN TREOIR SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Treoir 2004/37/CE mar a leanas:

(1) In Iarscríbhinn I, cuirtear an pointe seo a leanas leis:

'Obair ina dtarlaíonn nochtadh d'olaí a úsáideadh in innill dócháin inmheánaigh chun na páirteanna a ghluaiseann laistigh den inneall a bhealú agus a fhuarú'.

(2) Leasaítear Iarscríbhinn III i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Treoir seo.

*Airteagal 2*

1. Tabharfaidh na Ballstáit i bhfeidhm na dlíthe, na rialacháin agus na forálacha riaracháin is gá chun an Treoir seo a chomhlíonadh tráth nach déanaí ná dhá bhliain tar éis theacht i bhfeidhm na Treorach seo. Cuirfidh siad téacs na bhforálacha sin in iúl don Choimisiún láithreach.

Nuair a ghlacfaidh na Ballstáit na forálacha sin, beidh tagairt iontu don Treoir seo nó beidh tagairt den sórt sin ag gabháil leo tráth a bhfoilsithe oifigiúil. Is iad na Ballstáit a chinnfidh an tslí le tagairt den sórt sin a dhéanamh.

[8] IO C 369, 17.12.2011, lch.14

2. Déanfaidh na Ballstáit téacs fhorálacha an dlí náisiúnta a ghlacfaidh siad sa réimse a chumhdaítear leis an Treoir seo a chur in iúl don Choimisiún.

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Treoir seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis a foilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

*Airteagal 4*

Dírítear an Treoir seo chuig na Ballstáit.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

| | |
|---|---|
| *Thar ceann Pharlaimint na hEorpa* | *Thar ceann na Comhairle* |
| *An tUachtarán* | *An tUachtarán* |

**IARSCRÍBHINN**

I gCuid A d'Iarscríbhinn III a ghabhann le Treoir 2004/37/CE, cuirtear na hiontrálacha seo a leanas leis:

| CAS Uimh. ([9]) | Uimh. CE ([10]) | AINM AN OIBREÁIN | TEORAINNLUACHANNA | | | | | | BEARTA IDIRTHRÉIMHSEACHA |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | 8 n-uaire an chloig ([11]) | | | Gearrthéarmach ([12]) | | | |
| | | | mg/m$^3$ ([13]) | csm ([14]) | f/ml([15]) | mg/m$^3$ | csm | f/ml | |
| 79-01-6 | 201-167-4 | Tríchlóireitiléin | 54,7 | 10 | _ | 164,1 | 30 | _ | |
| 101-77-9 | 202-974-4 | 4,4'-Mheitiléindi-ainilín | 0,08 | _ | _ | _ | _ | _ | |

9 CAS Uimh: Uimhir Chláraithe na Seirbhíse Achoimreachtaí Ceimiceán.

10 Is í an uimhir CE, i.e. EINECS, ELINCS nó NLP, uimhir oifigiúil na substainte laistigh den Aontas Eorpach, faoi mar atá sainmhínithe i roinn 1.1.1.2 in Iarscríbhinn VI, Cuid 1, de Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008.

11 Arna thomhas nó arna ríomh i dtaca le tréimhse thagartha ocht n-uaire an chloig mar mheán am-ualaithe (TWA).

12 Teorainn nochta ghearrthéarmaigh (STEL). Teorainnluach nár chóir go dtarlódh nochtadh os a chionn agus a bhaineann le tréimhse 15 nóiméad mura sonrófar a mhalairt.

13 mg/m3$^3$ = milleagram sa mhéadar ciúbach d'aer ag 20°C agus 101,3 kPa (760 mm de bhrú mearcair).

14 csm = codanna sa mhilliún de réir toirt aeir (ml/m$^3$).

15 f/ml = snáithíní sa mhillilítear.

| CAS Uimh. (9) | Uimh. CE (10) | AINM AN OIBREÁIN | TEORAINNLUACHANNA | | | | | | BEARTA IDIRTHRÉIMHSEACHA |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | 8 n-uaire an chloig (11) | | | Gearrthéarmach (12) | | | |
| | | | mg/m³ (13) | csm (14) | f/ml(15) | mg/m³ | csm | f/ml | |
| 106-89-8 | 203-439-8 | Eipeaclóraihidrin | 1,9 | – | – | – | – | – | |
| 106-93-4 | 203-444-5 | Débhróimíd eitiléine | 0,8 | 0,1 | – | – | – | – | |
| 107-06-2 | 203-458-1 | Déchlóiríd eitiléine | 8,2 | 2 | – | – | – | – | |

An colún "Nodaireacht" i gCuid A d'Iarscríbhinn III a ghabhann le Treoir 2004/37/CE agus na nodaireachtaí a leagtar amach sa cholún sin, aistrítear iad chuig Cuid B d'Iarscríbhinn III a ghabhann le Treoir 2004/37/CE.

I gCuid A d'Iarscríbhinn III a ghabhann le Treoir 2004/37/CE, cuirtear na hiontrálacha seo a leanas leis:

| **Uimh. CAS** ([16]) | **Uimh. CE** ([17]) | **AINM AN OIBREÁIN** | **Nodaireacht**([18]) |
|---|---|---|---|
| – | – | Meascáin de hidreacarbóin aramatacha iltimthriallacha ina bhfuil beinsi[*a*]piréin ar carcanaiginí iad de réir bhrí na Treorach | craiceann |
| | – | Olaí mianracha a úsáideadh in innill dócháin inmheánaigh chun na páirteanna a ghluaiseann laistigh den inneall a bhealú agus a fhuarú | craiceann |
| 71-43-2 | 200-753-7 | Beinséin | craiceann |
| 79-01-6 | 201-167-4 | Tríchlóireitiléin | craiceann |
| 101-77-9 | 202-974-4 | 4,4'-Mheitiléindi-ainilín | craiceann |
| 106-89-8 | 203-439-8 | Eipeaclóraihidrin | craiceann |
| 106-93-4 | 203-444-5 | Débhróimíd eitiléine | craiceann |
| 107-06-2 | 203-458-1 | Déchlóiríd eitiléine | craiceann |

---

16 CAS Uimh: Uimhir Chláraithe na Seirbhíse Achoimreachtaí Ceimiceán.

17 Is í an uimhir CE, i.e. EINECS, ELINCS nó NLP, uimhir oifigiúil na substainte laistigh den Aontas Eorpach, faoi mar atá sainmhínithe i roinn 1.1.1.2 in Iarscríbhinn VI, Cuid 1, de Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008.

18 D'fhéadfaí go gcuirfí go suntasach le hualach iomlán an choirp trí nochtadh deirmeach.